# CAIRT CEARTA TEANGA

**Tá cosaint déanta ar do chearta teanga faoi Bhunreacht na hÉireann agus faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.**

Ceacht 5
Lesson 5

**Bunreacht na hÉireann**

**Deir Airteagal 8 den Bhunreacht:**

> Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta, is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
> Is é an Béarla an dara teanga oifigiúil.

---

## Acht na dTeangacha Oifigiúla:

**Is iad seo do chearta teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla:**

### Freagraí i nGaeilge
Tá sé de cheart agat freagra a fháil i nGaeilge ar litir nó ríomhphost i nGaeilge chuig comhlachtaí poiblí.

### Cora poist
Tá sé de cheart agat cora poist ó chomhlachtaí poiblí a fháil ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla. Is eolas ginearálta a chuirtear chuig an bpobal iad cora poist.

### An Ghaeilge sna Cúirteanna
Tá sé de cheart agat an Ghaeilge a úsáid in aon chúirt.

### Doiciméid i nGaeilge
Tá sé de cheart agat a bheith ábalta doiciméid thábhachtacha ar nós tuarascálacha bliantúla a fháil ó chomhlachtaí poiblí ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla.

### An Ghaeilge i dTithe an Oireachtais
Tá sé de cheart ag Teachtaí Dála agus ag Seanadóirí an Ghaeilge a úsáid i dTithe an Oireachtais.

### Comharthaíocht
Tá sé de cheart agat a bheith ag súil leis go bhfuil na comharthaí atá curtha in airde ag comhlachtaí poiblí i nGaeilge agus i mBéarla.

### Achtanna an Oireachtais
Tá sé de cheart agat a bheith ábalta Achtanna an Oireachtais a fháil ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla.

### Fógairtí taifeadta béil
Tá sé de cheart agat a bheith ag súil leis go bhfuil na fógairtí taifeadta béil atá in úsáid ag comhlachtaí poiblí le cloisteáil i nGaeilge agus i mBéarla, mar shampla ar ghutháin.

### Stáiseanóireacht
Tá sé de cheart agat a bheith ag súil leis go bhfuil an nóta-pháipéar atá in úsáid ag comhlachtaí poiblí i nGaeilge agus i mBéarla.

### Gearáin
Má tá gearán agat faoi do chearta teanga, déanfaidh ár n-Oifig do ghearán a fhiosrú.

### Seirbhísí atá aontaithe trí scéimeanna teanga
Tá sé de cheart agat tuilleadh seirbhísí a fháil trí Ghaeilge mar atá aontaithe ag comhlachtaí poiblí i scéimeanna teanga. Aontaíonn comhlachtaí poiblí faoi na scéimeanna teanga i bhfad níos mó seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge ná iad siúd atá liostaithe anseo.

### Comhairle
Is féidir leat comhairle a fháil ónár n-Oifig maidir le do chearta teanga.

An Coimisinéir Teanga

An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091 504 006 Glao Áitiúil: 1890 504 006
eolas@coimisineir.ie www.coimisineir.ie

**AG COSAINT CEARTA TEANGA**